Gníomhaíocht 1

Domhan Visi

INVISIBLE TRAFFICK

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- A thuiscint go mbíonn roinnt páistí ag obair i dtionscal na seacláide;
- A thuiscint nach é seo a rogha féin i gcónaí, go mb'fhéidir go ndearnadh gáinneáil orthu;
- Fios a bheith acu go dtig linn cuidiú leis na páistí seo trí sheacláid Chóir-Thrádála a cheannach.

Intreoir

Cluiche na Seacláide

1. Roghnaigh páiste amháin as gach rang agus iarr orthu teacht chuig tosach an tseomra. (1 pháiste an tábla má bhíonn sé á déanamh mar ghníomhaíocht ranga)
2. Tabhair milseán seacláide do gach páiste m.sh. After Eight.
3. Cuir an milseán ar chlár a n-éadain.
4. Gan a lámha a úsáid, caithfidh siad iarracht a dhéanamh an tseacláid a chur ina mbéal.
5. Má thiteann an tseacláid, caithfidh siad tosú arís.

Forbairt (Powerpoint 1)

Plé roimh thaispeáint na beochana

Tá an tseacláid iontach blasta ach tá rud a bhaineann léi nach bhfuil chomh milis sin. Mínigh do na páistí go bhfuil muid ag dul a smaoineamh ar thír in Iarthar na hAfraice ar a dtugtar An Cósta Eabhair. Sa tír seo fásann céatadán ollmhór de phónairí cócó an domhain agus easpórtáiltear iad ar fud an domhain. Úsáidtear pónairí cócó le seacláid a dhéanamh. Fásann na faighneoga cócó ar chrainn cacó agus tá gach faighneog thart faoi 16 – 35 cm ar fad. Tá na pónairí cócó taobh istigh den bhlaosc chrua. Bíonn sé millteanach deacair na faighneoga a bhaint de na crainn agus caithfear iad a ghearradh anuas agus a oscailt le scian mhór ghéar ar a dtugtar maiseite. Ansin, cuirtear iad i saic agus caithfear iad a iompar ar feadh achar fada. Le hairgead a shábháil, úsáideann cuid mhór de na táirgeoirí oibrithe nó sclábhaithe atá ina bpáistí leis an obair throm, chontúirteach seo a dhéanamh.

Cuid mhór de na páistí seo, imrítear cleas orthu nó tugtar orthu an obair seo a dhéanamh. Tá an chuid seo den domhan iontach, iontach bocht agus is minic nach dtig le tuismitheoirí go leor bia ná aire a thabhairt dá gcuid páistí. Tairgeann daoine post agus pá maith dá bpáiste chomh maith le hoideachas agus b'fhéidir rothar úr mar bhronntanas don tuismitheoir agus is leor é seo le dallamullóg a chur ar roinnt tuismitheoirí agus a bpáistí a chur chuig feirm mhór seacláide! Ar an drochuair, ní fada go bhfaigheann siad amach gur bréag a bhí sa rud ar fad. Nuair a fhuadaítear nó nuair a imrítear cleas ar pháiste agus imíonn sé/sí le hobair a dhéanamh, tugann muid gáinneáil air seo.

Taispeáin beochan 'Domhan Visi'.

Tuiscint a Shíneadh

Bhí Visi ag foghlaim faoin Chóir-Thrádáil ar scoil.
Ceistigh agus pléigh ag leibhéal aoisoiriúnach le tuiscint a fhorbairt ar an dóigh a n-oibríonn an Chóir-Thrádáil.

Eolas do Mhúinteoirí - Ceithre Bhunphrionsabail na Cóir-Thrádála:

- Íoctar praghas réasúnta le feirmeoirí leis an chostas táirgeachta agus bunchostais mhaireachtála a chumhdach;
- Íoctar biseach le feirmeoirí a chaithfidh feirmeoirí a infheistiú sa phobal;
- Caithfear feirmeoirí a íoc roimh ré sa dóigh go dtig leo a gcostais a íoc; agus
- Cuirtear conarthaí fadtréimhseacha ar fáil lena chur ar chumas feirmeoirí bheith ag pleanáil.

Suíomh gréasáin úsáideach: ***http://fairtrade.ie***

Conclúid

Triail na mBlasanna

De dhíth:

Cearnóga Seacláide – idir Chóir-Thrádáil agus neamhChóir-Thrádáil – (go leor le 1 phíosa den 2 chuid a thabhairt do gach páiste)
Dhá choimeádán trédhearcach
Liathróidí beaga nó nithe beaga eile den sórt le vótaí a thabhairt.

Le déanamh:

Gan fios cé acu, tugtar píosa seacláide Cóir-Thrádála agus neamhChóir-Thrádála do gach páiste lena mblaiseadh.
Vótálann siad don phíosa is fearr leo trí liathróid nó eile a chur sa chrúsca cheart.
Is é an buaiteoir an crúsca ina bhfuil an líon is mó liathróidí. (Tá súil againn gurb í Cóir-Thrádáil an rogha! Má tá an líon céanna vótaí acu, is féidir an pointe a dhéanamh go bhfuil siad chomh blasta lena chéile ach go ndéantar ceann amháin acu gan páistí atá ina sclábhaithe.)

Cad é mar a thig leatsa cuidiú?

- Déan do dhícheall gan ach seacláid ar a bhfuil an lógó Cóir-Thrádála nó a chómhaith a cheannach.
- Cuir ina luí ar do thuismitheoirí/cúramóirí gur chóir táirgí Cóir-Thrádála a cheannach.
- Scríobh litir chuig na comhlachtaí seacláide ag cur ceiste orthu an é táirgeadh gan sclábhaithe atá ar siúl acu.

Acmhainní

Milseáin seacláide don chluiche treorach
Powerpoint 1
Beochan Dhomhan Visi
Suíomh Gréasáin úsáideach: ***http://fairtrade.ie***
Samplaí de sheacláid Chóir-Thrádála agus neamhChóir-Thrádála, crúscaí, liathróidí srl. le vótaí a thabhairt.